

# ELeathanach261

Dé Luain 2 Bealtaine 2017

## Comórtas 'Scríobh Leabhar'

Thosaigh 'Scríobh Leabhar' sa scoilbhliain 2006/2007 agus ó shin ghlac níos mó ná 50,000 dalta páirt ann. Bíonn ar dhaltáí leabhar a chumadh, a scríobh agus a dhearadh.

I mbliana ghlac 121 scoil agus níos mó ná 8,000 páiste páirt agus scríobh siad thart ar 5,000 leabhar. Bhí deiseanna ag na daltaí féachaint ar leabhair a scríobh daltaí eile agus iad a léamh agus a phlé chomh maith.

Bhí imeachtaí le Foras na Gaeilge sna hionaid oideachais le mí anuas chun teastais a bhronnadh ar na daoine a ghlac páirt sa chomórtas.

Téigh chuig [www.scriobhleabhar.ie](http://www.scriobhleabhar.ie) le féachaint ar leabhair a scríobh páistí.



## Cúrsaí sacair

Bhí deireadh seachtaine gnóthach i bpríomhshraith Barclay. Tá Chelsea ag barr na sraithe agus bhí an bua acu i gcoinne Everton Dé Domhnaigh. Seo an dara huair a chaill Everton sa bhaile ag Goodison Park sa tsraith i mbliana, mar sin cheap daoine go mbeadh cluiche deacair ag Chelsea. Ní mar sin a bhí agus bhuaigh Chelsea le trí chúl i gcoinne Everton.

Tá Tottenham Hotspurs sa dara háit agus bhí bua acu i gcoinne Arsenal Dé Domhnaigh. Fuair siad dhá chúl taobh istigh de 146 soicind.

Bhí an cluiche ar siúl i *Whitehart Lane* agus ní bheidh aon chluiche ansin anois ar feadh tamaill toisc go bhfuil obair á déanamh ar an staidiam. Nuair a chríochnóidh an obair beidh spas ann do 61,000 duine in áit 38,000.

## Club óige ag cur fáilte roimh dhéagóirí na Siria

I mí Feabhra chualamar go raibh 82 duine de mhuintir na Siria ag bogadh go Bealach an Doirín i gContae Ros Comáin agus go raibh muintir na háite ag ullmhú áiteanna dóibh. Bhí ar na daoine bogadh go hÉirinn toisc go bhfuil cogadh ar siúl sa tSiria agus níl sé sábháilte do dhaoine bheith ansin.

Chuala na baill de chlub óige sa cheantar nach raibh ach seachtar déagóirí ag teacht, ach mar sin féin chuir siad imeachtaí ar siúl dóibh. Bhí cluichí púl agus *Connect 4* acu toisc nach bhfuil Béarla ag teastáil chun iad a imirt. Bhí an cuireadh chuig na himeachtaí scríofa in Araibis agus i mBéarla Fiú.

Bhuaigh an club óige duais speisialta ag ócáid ag an deireadh seachtaine. Bhí oíche ag Foróige chun clubanna óige a cheiliúradh ag *Aldi Foróige Youth Citizenship Awards*. Bhí a lán rudaí suimiúla déanta ag na clubanna óige ach bhuaigh an club i mBealach an Doirín an duais. Comhghairdeas leo.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad, OÉMN, i gcomhpháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.

